

# *Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Ghaeilge*

## *Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge*

Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

## *Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga*

Tá dualgais áirithe ar Choláiste na Tríonóide de bharr [Acht na dTeangacha Oifigiúla](#) 2003, lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, foilseacháin áirithe, stáiseanóireacht agus fógraí taifeadta béil. Maille leis sin, tá gealltanais tugtha ag Coláiste na Tríonóide ina dhá Scéim Teanga, go gcuirfead le réimse seirbhísí dátheangacha thar réimse gníomhaíochtaí.

## *Scéimeanna Cónaithe*

Tá dhá scéim chónaithe Gaeilge do mhic léinn ag Coláiste na Tríonóide. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus an ceann eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus an dara bliain amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Cuireann baill na scéimeanna cónaithe an Ghaeilge chun cinn san Ollscoil trí thionscadail agus imeachtaí a réachtáil i rith na bliana.

## *Ranganna Gaeilge*

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn le linn an téarma acadúil. Fógraítear na ranganna seo ag tús na bliana acadúla.

## *Éigse na Tríonóide agus Imeachtaí Gaeilge*

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide, féile seachtaine ina mbíonn imeachtaí sóisialta, ceolchoirmeacha, cluichí peile agus eile ar siúl, do mhic léinn agus do bhaill foirne araon. Eagraítear neart imeachtaí sóisialta agus cultúrtha eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

## *Teagmhálacha*

Oifigeach na Gaeilge: Guthán 8963652, [gaeloifig@tcd.ie](mailto:gaeloifig@tcd.ie)

Roinn na Gaeilge: Guthán 8961450, [mnibhraoc@tcd.ie](mailto:mnibhraoc@tcd.ie)

An Cumann Gaelach: [coiste@cumann.ie](mailto:coiste@cumann.ie) agus [www.cumann.ie](http://www.cumann.ie)

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: [gaeilge@tcdsu.org](mailto:gaeilge@tcdsu.org)

Eolas: [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)